C/2025/4399

4.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4399)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Riso Nano Vialone Veronese'

Uimh. AE: PGI-IT-1529-AM04 — 23.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Riso Nano Vialone Veronese'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – Cur Chun Cinn na Cáilíochta Agraibhia (PQA) 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm, nach bhfuil baol ann go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *An céatadán aimileoise a scriosadh*

Scriosadh an paraiméadar a bhaineann leis an gcéatadán aimileoise ó phointe 3.2 den doiciméad aonair agus ó Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Cúis: Leasaíodh agus tugadh cothrom le dáta an modh anailíse chun an luach aimileoise a chinneadh i gcaitheamh na mblianta, ach níl na torthaí a fuarthas iontaofa fós toisc nach féidir na torthaí anailíseacha a athdhéanamh laistigh den sampla céanna.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Leasú ar roinnt téarmaí ar an lipéad*

Cuireadh an téarma ‘goirt ríse’ le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge.

Ní féidir é a úsáid ach amháin má dhéantar an táirge as rís a buanadh sna goirt ríse atá i gceist agus as an rís sin amháin.

Cuireadh an mhír a leanas isteach freisin:

‘Ní mór na cineálacha táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2 a léiriú ar phacáistíocht an táirge, cé is moite de rís “bhán”, nach gá a léiriú. Féadfar bliain na buainte a léiriú ar an lipéad.’

Is é is cuspóir don leasú sin tuilleadh faisnéise agus trédhearcachta a sholáthar do thomhaltóirí maidir leis an táirge a cheannaigh siad. Ní mór a léiriú ar an bpacáistíocht anois an bhfuil an táirge atá inti leathmheilte nó leathdhonn. Ní gá an cineál táirge a léiriú le haghaidh rís bhán toisc go luíonn sé le réasún go dtuigeann tomhaltóirí a cheannaíonn í gur táirge í atá scilligthe cheana féin (bán).

Cuireadh an rogha isteach bliain na buainte a léiriú freisin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Riso Nano Vialone Veronese’

Uimh. AE: PGI-IT-1529-AM04 — 23.5.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha) (an ATFC nó an TGFC)**

‘Riso Nano Vialone Veronese’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 10 – GRÁNAIGH

1006 – Rís

1006 30 – Rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sí snasta nó glónraithe nó ná bíodh

1006 30 42 – Cruinnghránach

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Ní mór TGFC ‘Riso Nano Vialone Veronese’ a fháil go heisiach ó chineál Vialone Nano de rís gan scilligeadh. Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, ní mór ‘Riso Nano Vialone Veronese’ a aicmiú i gceann de na cineálacha táirge seo a leanas:

— leathmheilte nó leathdhonn: a fhaightear trí mhuilleáil lena mbaineann baint pháirteach an tsutha (ginidín) agus an pheireacairp;

— bán: a fhaightear trí mhuilleáil lena mbaineann baint iomlán an pheireacairp.

Tá na saintréithe seo a leanas in ‘Riso Nano Vialone Veronese’:

— Fad idir 5,4 mm agus 5,8 mm;

— Leithead idir 3,2 mm agus 3,5 mm;

— Tiús idir 2,0 mm agus 2,2 mm;

— Cóimheas faid/leithid idir 1,6 agus 1,8;

— Croíleacán inmheánach: fada;

— Stiall: in easnamh.

Thairis sin, ní fhéadfaidh céatadán eisíontais chineáil na ríse a bheith níos mó ná 3 %.

I dteannta na saintréithe cineáil dá dtagraítear thuas, ní mór go gcomhlíonann 'Riso Nano Vialone Veronese' na paraiméadair fhisiceacha agus cheimiceacha seo a leanas:

— aga geilitínithe idir 15 agus 20 nóiméad;

— innéacs comhsheasmhachta nach lú ná 0,85 kg/cm^2;

— innéacs slaodachta nach mó ná 2,5 g/cm.

Tá na saintréithe thuas bunaithe ar bhonn ríse atá réidh le cur ar an margadh.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór céimeanna fáis agus muilleála 'Riso Nano Vialone Veronese' (scilligeadh, tuaradh ar leibhéil éagsúla agus próiseáil thánaisteach) a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór an rís a phacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe ionas nach gcruthófar micrealoit ar na gráin ríse muilleáilte mar gheall ar éagsúlachtaí sa bhogthaise agus mar gheall ar an strus meicniúil a chuirfeadh ar an rís mhuilleáilte murach sin. Má dhéantar damáiste don rís, tagann meath tapa ar an gcáilíocht nuair a chócaráiltear an táirge agus nuair a laghdaítear an t-am cócaireachta.

Ní mór an rís a phacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe ionas nach gcruthófar micrealoit ar na gráin ríse muilleáilte mar gheall ar éagsúlachtaí sa bhogthaise agus mar gheall ar an strus meicniúil a chuirfeadh ar an rís mhuilleáilte murach sin. Má dhéantar damáiste don rís, tagann meath tapa ar an gcáilíocht nuair a chócaráiltear an táirge agus nuair a laghdaítear an t-am cócaireachta.

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór lógó TGFC 'Riso Nano Vialone Veronese' agus lógó an Aontais a bheith ar gach pacáiste. Is mar seo a leanas atá an lógó:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Limistéar theas chúige Verona: Na bardais seo a leanas: Mozzecane, Nogarole Rocca, Vigasio, Trevenzuolo, Erbè, Sorgà, Nogara, Gazza Veronese, Salizzole, Isola della Scala, Buttapietra, Sanguinetto, Concamarise, Casaleone, Cerea, San Pietro di Morubio, Bovolone, Roverchiara, Isola Rizza, Oppeano, Ronco All'Adige, Palù, Zevio agus Povegliano Veronese.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas ar TGFC 'Riso Nano Vialone Veronese' a chlárú bunaithe ar shaintréithe an táirge. Tá aeráid aonfhoirmeach ag an limistéar sainithe, aeráid atá oiriúnach go maith chun 'Riso Vialone Nano Veronese' a tháirgeadh. Fachtóirí rannchuidithe eile is ea iad úire agus íonacht an fhíoruisce, a bhaineann de ghnáth leis an limistéar. Sna limistéir sin, úsáidtear uainíocht barr i bhfás ríse, rud a laghdaíonn go mór an úsáid a bhaintear as táirgí cosanta plandaí agus as leasachán ceimiceach. Tá saintréithe na hithreach atá le fáil i limistéar Verona difriúil ó shaintréithe na limistéar eile ina bhfástar rís mar gheall ar an méid seo a leanas: — pH na hithreach, a bhíonn alcaileach i gcónaí; — an fíoruisce ó charraig chailcreach, atá alcaileach freisin dá bhrí sin; — na traidisiúin saothraithe a cuireadh ar aghaidh le himeacht ama. Déantar muilleoireacht i muilte ríse áitiúla, sliocht díreach an iliomad 'crotalóirí ríse' sa réigiún le linn an 16ú céad, a bhfuil cuid acu fós slán agus ag feidhmiú. Ina measc sin, baineadh crotal na ríse le tuairgníní a bhí á gcumhachtú le huisce. Cé gurb é an t-innealra nua-aimseartha a dhéanann an próiseas muilleála anois de ghnáth, déantar é trí úsáid a bhaint as critéir agus iarracht torthaí a bhaint amach a eascraíonn as traidisiún atá ann leis na céadta blianta. Ní dhéantar na gráin ríse a scilligeadh agus a thuaradh go hiomlán riamh; fanann an grán clúdaithe go páirteach leis an bpeireacarp agus dá réir sin tá sé díreach ceart lena úsáid chun risotto Veronese tipiciúil a ullmhú.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Ff%252Fa%252FD.591872b757f645ec48b4/P/BLOB%3AID%3D3343/E/pdf?mode=download